

Greille Féinmheasúnaithe CTET

A1

A2

	A1	A2
ÉISTEACHT	Tuigim focail choitianta agus frásaí an-bhunúsacha mar gheall orm féin, mo theaghlach agus mo ghartimpeallacht aitheanta nuair a labhraíonn daoine go mall agus go soiléir.	Tuigim frásaí agus an foclóir is airde minicíocht maidir le réimsí pearsanta coitianta (m.sh. eolas an-bhunúsach pearsanta agus teaghlach, siopadóireacht, an ceantar áitiúil, fostaíocht) Tuigim na príomhphointí i dteachtaireachtaí agus i bhfógraí gearra soiléire simplí.
LÉAMH	Tuigim ainmneacha, focail agus abairtí simplí coitianta, mar shampla ar fhógraí agus ar phóstaer nó i gcatalóga.	Is féidir liom téacsanna simplí an-ghearra a léamh. Is féidir liom eolas sonrathach, intuatha a fháil in ábhar simplí laethúil amhail fógraí, réamheolairí, biachláir agus amchláir agus Tuigim litreacha pearsanta gearra simplí.
TÉACS A IDIRGHABHÁIL	Is féidir liom faisnéis shimplí intuatha a thabhairt i dtéacsanna gearra simplí cosúil le comharthaí agus fógraí, póstaer agus cláir.	Is féidir liom an príomhphointe / na príomhphointí a chur in iúl atá le fáil i dtéacsanna gearra simplí ar ghnáthábhair a bhfuil suim phearsanta agam iontu, más amhlaidh go gcuirtear iad in iúl go soiléir i dteanga shimplí.
GINCHUMAS LABHARTHA	Is féidir liom frásaí agus abairtí simplí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar m'áit chónaithe agus ar na daoine a bhfuil aithne agam orthu.	Is féidir liom sraith frásaí agus abairtí a úsáid chun cur síos a dhéanamh, i dtéarmaí simplí, ar mo theaghlach agus ar dhaoine eile, ar mo dhálaí maireachtála, ar mo chúlra oideachasúil agus ar an bpost atá agam anois nó a bhí agam le déanaí ¹ .
GINCHUMAS SCRÍOFA	Is féidir liom frásaí agus abairtí simplí aonair a ghiniúint.	Is féidir liom sraith de fhrásaí agus d'abairtí simplí a nascadh le cónaisc amhail "agus", "ach" agus "mar".
CAIDREAMH LABHARTHA	Is féidir liom caidreamh bunúsach a dhéanamh ach an duine eile a bheith sásta rudaí a athrá nó a shimpliú ag luas cainte níos moille agus cabhrú liom an rud atá i gceist agam a rá. Is féidir liom ceisteanna simplí a chur agus a fhreagairt maidir le rudaí atá ag teastáil láithreach nó maidir le hábhair a bhfuil eolas maith agam orthu.	Is féidir liom tascanna simplí agus tascanna laethúla a dhéanamh má tá malartú eolais simplí díreach de dhíth ar ábhair agus ar ghníomhaíochtaí coitianta. Is féidir liom caidreamh sóisialta an-ghearr a láimhseáil, cé nach dtuigim mo dhóthain de ghnáth chun an comhrá a choinneáil ag imeacht mé féin.
CAIDREAMH SCRÍOFA AGUS AR LÍNE	Is féidir liom beannachtaí gearra simplí a phostáil mar ráitis faoi rud a rinne mé agus conas a thaitin sé liom agus is féidir liom freagra a thabhairt ar thuairimí ar bhealach an-simplí. Is féidir liom freagra simplí a thabhairt ar phostálacha, íomhána agus meáin eile. Is féidir liom ceannach an-simplí a dhéanamh, foirmeacha a líonadh le sonraí pearsanta.	Is féidir liom dul i mbun bunchomhrá sóisialta, ag cur in iúl conas a mhothaím, cad é atá á dhéanamh agam nó cad é a theastaíonn uaim, agus freagra a thabhairt ar thuairimí le buíochas, agus le leithscéal nó freagraí ar cheisteanna. Is féidir liom idirbhearta simplí a dhéanamh, mar shampla earraí a ordú, treoracha simplí a leanúint agus is féidir liom comhoibriú i dtasc comhroinnta le cainteoir tuisceanach.
COINCHEAPA IDIRGHABHÁLA	Is féidir liom ionchur daoine eile a iarraidh agus frásaí gearra simplí in úsáid agam. Is féidir liom focail / geáitsí agus comharthaí simplí a úsáid chun mo spéis i smaoinemh a thaispeáint agus a dheimhniú go dtuigim. Is féidir liom smaoinemh a chur in iúl go han-simplí agus fiafraí de dhaoine eile an dtuigeann siad mé agus cad é a cheapann siad.	Is féidir liom comhoibriú i dtascanna simplí praiticiúla, fiafraí cad é a cheapann daoine eile, moltaí a dhéanamh agus freagraí a thugtar a thuiscint. Is féidir liom athrá nó athchóiriú a iarraidh ó am go ham. Is féidir liom moltaí a dhéanamh ar bhealach simplí chun an plé a bhogadh chun tosaigh agus is féidir liom fiafraí de dhaoine cad é a cheapann siad faoi smaointe áirithe.
CUMARSÁID IDIRGHABHÁLA	Is féidir liom cumarsáid a éascú trí bhá agus spéis a léiriú le focail / geáitsí simplí agus comharthaí neamhbhriathartha, trí chuireadh a thabhairt do dhaoine eile ionchur a bheith acu agus trána chur in iúl má thuigim. Is féidir liom sonraí pearsanta daoine agus faisnéis eile an-simplí, intuatha a chur in iúl má chabhraíonn daoine eile liom leis an struchtúr.	Is féidir liom cur le cumarsáid trí fhocail / gheáitsí simplí a úsáid chun iarraidh ar dhaoine rudaí a mhíniú, agus a chur in iúl nuair a thuigim agus / nó a aontaím. Is féidir liom an príomhphointe a chur in iúl maidir leis an méid a deirtear i gcásanna intuatha, laethúla faoi mhianta agus riachtanais phearsanta. Is féidir liom a aithint nuair a easaontaíonn daoine nó nuair a tharlaíonn deacrachtaí agus is féidir liom frásaí simplí a úsáid chun comhréiteach agus comhaontú a lorg.

¹ Níor scríobhadh an greille féin-mheasúnaithe d'aon aoisghrúpa ar leith; dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gur lú a d'oirfeadh roinnt gnéithe d'fhoghlaimoirí óga.